# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# ARDTEISTIMÉIREACHT

## SIOLLABAS EACNAMAÍOCHT

## EACNAMAÍOCHT

## GNATHCHURSA AGUS ARDCHÚRSA

***Cuspóirí:***

(1) Léargas ginearálta agus tuiscint a thabhairt do mhic léinn ar ghníomhachtaí, patrúin agus prionsabail eachamaíochta.

(2) Forbairt a dhéanamh ar acmhainn na macléinn chun na prionsabail sin a chur i bhfeidhm, agus cuidiú leo an t-eolas sin a úsáid i gcúinsí nua, agus cuidiú leo an machnamh léirmheastúil a shaothrú.

(3) Spéis in eacnamaíocht an ghnáthshaoil a spreagadh in ár mic léinn uile agus cuidiú leo san oideachas atá á fháil acu le haghaidh na saoránaíochta.

(4) Bonn oiriúnach a chur ar fail le haghaidh tuilleadh staidéir a dhéanamh ar an ábhar.

***Nóta:***

Cé gurb é an réimse céanna a bheadh faoi thrácht ag daltaí Gnáthleibhéil agus daltaí Ardleibhéil beifear ag súil go mbeidh eolas níos leithne agus tuiscint níos doimhne ag daltaí Ardleibhéil ná mar bheidh ag daltaí a dhéanfaidh staidéar ar na nGnáthleibhéal.

***Réamhrá:***

An Eachamaíocht mar eolaíocht: a scóip, a cuspóir agus a teorannuithe. Coincheapa bunata eacnamaíocha mar atá, rachmas, ioncam, leas i gcoitinne, ganntanas, roghnú, éaspaí, riachtanais, earraí agus seirbhísi, áirgiúlacht, táirgeadh, tomhailt agus malartú, deischostais, toradh laghdaitheach, geilleagair oscailte agus iata.

***Táirgeadh agus Tomhailt:***

(a) Acmhainní (na tosca tairgeachta)
Nádúrtha – Talamh; de dhéantús an duine – Caipiteal; Daonna – saothar agus fiontraíocht.

(b) Aonaid Táirgthe: Gnólachtaí agus tionscail.
Aonaid Tomhaltais: Teaghlaigh.

(c) Scála an Táirgthe: méid, cineál agus láithriú gnólachtaí agus tionscal.
Barainneachtaí agus díbharainneachtaí an mhórscála.

***Córais Eacnamaíocha agus Smaointeoireacht Eacnamaíoch***

Gearr-rianú stairiúil ar an smaointeoireacht eacnamaíoch – Smith, Marx, Keynes, etc. Geilleagair mhargaidh, lárphleanáilte agus mheasactha.

***Éileamh agus Soláthar:***

(a) Coincheap an mhargaidh
Margadh na bhfachtóirí, margadh idirmheánach, agus margadh críochnaitheach.

(b) Éileamh tomhaltóirí; foshuímh; éileamh duine aonair agus éileamh margaidh; tionchair ar an éileamh; áirgiúlacht imeallach; cuair éilimh; athruithe ar an éileamh; foirmeacha éagsúla éilimh; leaisteachais san éileamh.

(c) Soláthar, foshuímh; soláthar duine aonair agus soláthar margaidh; tábhacht an ghearr-reatha agus an fhadreatha i gcúrsaí soláthair; tionchair ar an soláthar; athruithe ar an soláthar. Cuair chostais; costais sheasta, athraitheacha, imeallacha agus meánchostais. Costais agus sochair shóisialta; leaisteachas sa soláthar.

***Praghas agus Aschur:***

(a) Praghsanna agus aischuir a chinneadh faoi thosca na hiomaíochta foirfe. Foshuímh. Cothromaíocht ghearr-reatha agus fhadreatha an ghnólachta agus an tionscail. Impleachtaí na hiomaíochta foirfe don táirgeoir, don tomhaltóir agus don tsochaí.

(b) Praghsanna agus aischuir a chinneadh faoi thosca na monaplachta. Bunúdar agus saintréithe na monaplachtaí. Cothromaíocht ghearrreatha agus fhadreatha an mhonaplaí. Idirdhealaitheacht phraghsanna. Impleachtaí na monaplachta don táirgeoir, don tomhaltóir agus don tscochaí. Monaplachtaí a rialú.

(c) Praghsanna agus aischuir a chinneadh faoi thosca na hiomaíochta neamh-fhoirfe agus an holagaplachta. Foshuímh. Cothramaíocht ghearr-reatha agus fhadreatha an ghnólachta agus an tionsail. Iomaíocht neamh phraghsach.

***Ioncaim as Tosca:***

Éileamh ar thosca. Teoiric tháirge an ioncaim imeallaigh, a feidhmeanna agus a teorannuithe. Cíos: soláthar agus éileamh maidir le talamh. Cíos eacnamaíocht mar fheidhmítear é i gcás na dtosca uile.

Pá: soláthar agus éileamh maidir le saothar. Tionchair a oibríonn ar sholáthar agus ar éileamh. Ceardchumainn, mar a eagraítear iad agus mar a théann siad i bhfeidhm ar chuar soláthair an tsaothair. Rátaí difriúla pá.

Ús: rianú ar theoiricí clasaiceacha agus ar theoiricí Keynes faoin Ús.

Brabús: mar ghreasacht, mar luach saothair agus mar chostas táirgthe.

***An tIoncaim Náisiúnta a Chinneadh, maille le na Luaineachtaí:***

Coincheap an ioncaim náisiúnta; mar a thomhaistear é, agus a fhoinsí staitistiúla. Tosca a bhfuil tionchar acu ar mhéid agus ar chomhdhéanamh an ioncaim náisiúnta. A theorannuithe mar thomhas ar ghníomhaíocht eacnamaíoch.

***Airgead agus Baincéireacht:***

Gerrshuirbhé stairiúil; feidhmeanna an airgid; saghsanna airgid. Bainc agus cruthú creidmheasa. Bainc cheannais agus ríalú ar an airgead. Éileamh ar airgead agus soláthar an airgid. Institiúidí náisiúnta agus idirnáisiúnta airgid. Forbairtí a tharla le déanaí.

***An Rialtas sa Gheilleagar:***

Gearr-rianú ar chion feidhme eachamaíoch an Rialtais. Airgeadas Rialtais. Fionsí ar ioncaim ag an rialtas lair agus an rialtas áitiúil. Méid, comhdhéanamh agus tionchar an chaiteachais rialtais. An buiséad. Impleachtaí eacnamaíocha na n-easnamh agus na mbarrachas sa bhuiséad.

***Boilsiú:***

Praghsanna a thomhas. Bunúdair agus iarmhairtí an bhoilscithe sa gheilleagar óscailte agus dúnta, agus bealaigh le cur ina gcoinne. Díbhoilsciú agus a iarmhairtí.

***Trádáil agus Íosaíochtaí Idirnáisiúnta:***

Gearrshuirbhé stairiúil. Teoirc na Trádála Idirnáisiúnta. Argóintí i bhfadar agus in aghaidh na saorthrádála. Institiúidí a chuireann an tsaorthrádáil chun cinn. Sriantaí leis an tsaorthrádáil. Téarmaí trádála. Rátaí malairte agus mar a chintítear iad. Rátaí malairt foluaineacha, seasta agus faoi stiúir. Athluacháil; díluacháil. Comhardú na trádála agus comhardú na n-íocaíochtaí. Easnaimh agus barrachais gearrthéarmacha agus fadtéarmacha; an fáth leo agus modhanna a leasaithe.

***Eacnamaíocht an Daonra:***

An daonra náisiúnta agus domhanda, - méid, comhdhéanamh agus treochtaí. Ródhaonra, tearcdhaonra agus buaicdhaonra. An lucht saothair agus an fhostaíocht. Tionchar agus tábhacht an daonra maidir le fás agus forbairt eacnamaíoch.

***Fás agus Forbairt Eacnamaíoch:***

Brí agus tábhacht. Leibhéil choibhneasta ioncaim i dtiortha éagsúla. Bunúdair na neamhionannas. Pleanáil agus fás eacnamaíoch agus an timpeallacht mar a thárla in Éirinn.

***Beartais, Fadhbanna agus Coinbhleachtaí Eacnamaíocha:***

Aidhmeanna sóisialta agus eachamaíocha an rialtais agus a dtábhacht. Bealaí leis na haidhmeanna sin a bhaint amach. Coinbhleachtaí a d'fhéadfadh tarlú san iarracht le hiad a bhaint amach san am céanna i gcomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta.